NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10907 — REMONDIS / H&M / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 462/07)

1. An 25 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Remondis Recycling International GmbH ("Remondis", an Ghearmáin), ar le grúpa Rethmann é (an Ghearmáin),

— H&M Hennes & Mauritz International AB ("H&M", an tSualainn), ar le grúpa H&M é, (an tSualainn).

Gheobhaidh Remondis agus H&M comhrialú ar chomhfhiontar nuachruthaithe ("JV", an tSualainn) de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí seirbhíse é Remondis atá i mbun gnó i réimsí an athchúrsála, na seirbhísí poiblí agus tionscail, agus an bhainistithe uisce, lena n-áirítear dramhaíl agus amhábhar tánaisteach a bhailiú, a phróiseáil, a athchúrsáil agus a dhíol, ach gan a bheith teoranta dóibhsean. Tá Remondis gníomhach go hidirnáisiúnta, ach tá fócas geografach aige ar an Eoraip, an Áise agus an Astráil,

— Is soláthraí seirbhíse H&M atá i mbun gnó sna réimsí a bhaineann le táirgí tomhaltais a dhearadh, a cheannach, a tháirgeadh, a dhíol agus a mhargú, lena n-áirítear táirgí faisin, nós maireachtála, cosmaidí agus táirgí gaolmhara eile, ach gan a bheith teoranta dóibhsean. Tá H&M gníomhach ar fud an domhain.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an JV:

— Comhfhiontar úrnua a bheidh sa JV agus bunófar é chun éadaí agus teicstílí úsáidte nach bhfuil ag teastáil a bhailiú, a shórtáil agus a dhíol. Beidh fócas ghníomhaíochtaí an JV ar an Eoraip.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10907 — REMONDIS / H&M / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË